Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**13217/25**

**FIN 1107
INST 262
PE-L 30**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12984/25 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025 |

- *Formheas*
- *Formheas litreach*

1. An 22 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Mar a taifeadadh in 12984/25, is é is cuspóir don togra seo méid iomlán EUR 253.87 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 233.53 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú go hAirteagal 14 03 01 (*Cabhair dhaonnúil*), mar a leanas:

- EUR 233.53 milliún i leathreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon ó Mhír 30 04 01 02 (*Cúlchiste um Chabhair Éigeandála*);
- EUR 18.82 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ó Mhír 14 20 03 01 (*Deontais cúnaimh mhacrairgeadais*);
- EUR 0.92 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ó Mhír 14 20 03 06 (*Eagraíochtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta*); agus
- EUR 0.60 milliún ó Mhír 14 20 04 04 (*Meastóireachtaí agus iniúchtaí straitéiseacha*).

3. Tá slógadh an Chúlchiste um Chabhair Éigeandála agus an t-aistriú faoi cheannteideal 6 á moladh chun cúnamh a chur ar fáil do roinnt géarchéimeanna daonnúla sna cásanna seo a leanas:

- Corn na hAfraice (EUR 95 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí, as a bhfuil EUR 30 milliún ann don Aetóip, EUR 30 milliún don tSomáil agus EUR 35 mhilliún don tSúdáin Theas);

- an Afraic Thiar agus an Afraic Láir (EUR 48.5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí);

- an Phalaistín[1] (EUR 50 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí);

- an Úcráin (EUR 40 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí);

- an Éimin (EUR 20.3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas).

---

1 Ní dhéanfar ainmniú na Palaistíne a fhorléiriú mar aitheantas do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Meán Fómhair 2025.

5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra maidir le haistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 12984/25 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig:Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2025 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).